

## Polasaí Measúnaithe

### Coláiste na bPiarsach, Ros Muc

#### *Ráiteas Misean*

'Sí an aidhm atá againn ná timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachtúla, fisiciúla, morálta, spioradálta, aeistéiticiúla agus mothúchána do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal. Tá sé mar chuspóir againn ár dteanga, ár noidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh agus a chaomhnú ar chuile bhealach agus mórtas cine a chothú.

I gColáiste na bPiarsach, baintear úsáid as réimse leathan modhanna measúnaithe chun dul chun cinn agus foghlaim na scoláirí a mheas. Ina measc seo baintear úsáid laethúil sna ranganna as modhanna neamhfhoirmiúla ar nós

- ceisteanna a chur go rialta ar dhaltaí sna ranganna
- obair bhaile a thabhairt agus a cheartú go rialta (coimeádann an múinteoir taifead cruinn ar seo ina d(h)ialann phearsanta)
- monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar obair phraiticiúil na ndaltaí.

In éineacht leis na modhanna neamhfhoirmiúla thuasluaite, cuirtear an-bhéim sa Choláiste ar mheasúnú leanúnach agus ar mheasúnú chun foghlama sna ranganna a chabhraíonn go mór le hatmaisféar foghlama agus le heitic na hoibre i measc na ndaltaí a chothú. Tá leagan amach ar na cineálacha measúnaithe a úsáidtear i ngach bliain tugtha thíos.

Coinníonn na múinteoirí taifead de thorthaí mórscrúduithe chomh maith le taifead ar mhionscrúduithe agus ar obair bhaile. Cabhraíonn an cleachtas measúnaithe seo le tuismitheoirí agus le múinteoirí súil a choinneáil ar fhorbairt na ndaltaí sna hábhair éagsúla.

#### **Measúnaithe / Scrúduithe:**

- **Bliain 1:** (i) Scrúduithe tréimhseacha trí huair sa bhliain.  
(ii) Scrúdú samhraidh ag deireadh na scoilbhliana.
- **Bliain 2:** (i) Scrúduithe tréimhseacha trí huair sa bhliain.  
(ii) Scrúdú samhraidh ag deireadh na scoilbhliana.

- **Bliain 3:** (i) Scrúduithe tréimhseacha dhá uair sa bhliain.  
(ii) Bréagscrúdú an Teastais Shóisearaigh chun taithí a thabhairt do na daltaí ar na scrúduithe stáit.
- **Bliain 4:** (i) Scrúdú Samhna sa chéad téarma.  
(ii) Scrúdú Nollag um Nollaig  
(iii) Scrúdú an Earraigh thart ar aimsir na Cásca.  
(iv) Scrúdú samhraidh ag deireadh na scoilbhliana {ag tógáil obair na bliana ar fad san áireamh} chun taithí a thabhairt do na daltaí ar choinníollacha scrúduithe na hArdteistiméireachta.
- **Bliain 5:** (i) Dhá scrúdú tréimhseacha roimh Nollag.  
(ii) Bréagscrúdú na hArdteistiméireachta chun taithí a thabhairt do na daltaí ar pháipéar iomlán a shuí i ngach ábhar. Is iad múinteoirí an Choláiste a cheartaíonn na scrúduithe seo.

### **Tuairisciú:**

I gcás na scrúduithe / measúnaithe, seoltar torthaí agus tuairiscí gach measúnú abhaile chuig gach teaghlach nó bíonn fáil orthu ar an gcóras Vsware. Tugann na tuairiscí seo léiriú don tuismitheoir / caomhnóir agus don dalta ar dhul chun cinn an dalta. Is iad na múinteoirí ábhair a líonann isteach torthaí an ábhair. Má bhíonn aon inní ar tuismitheoir faoi dul chun cinn a ngasúr, ba chóir dhóibh coinne a dhéanamh leis an bPríomhoide chun an cás a phlé.

### **An Dialann Scoile**

Baintear úsáid as an Dialann Scoile chun nótaí a sheoladh idir an scoil agus an baile. I gcás easpa oibre, is minic go gcuirfidh an múinteoir ábhair nóta abhaile chuig an tuismitheoir / caomhnóir sa Dialann Scoile. Moltar don tuismitheoir / caomhnóir súil rialta a chaitheamh ar an Dialann Scoile chun aon fhadhb maidir le heaspa oibre a mheas. Tá sé de chúram ar an Múinteoir Ranga/Múinteoir bliana scagadh a dhéanamh ar an Dialann Scoile agus dul i gcomhairle leis an bPríomhoide más gá.

### **Vsware**

Cuireadh córas leictreonach tuairiscithe i bhfeidhm sa Choláiste sa scoilbhliain 2013/14. Beidh rochtain ar an gcóras ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí. Beidh fáil ar thorthaí na measúnuithe ar an gcóras Vsware agus is féidir le tuismitheoirí súil a choimeád ar seo.

### **Cruinnithe Tuismitheoirí / Múinteoirí:**

Tionóltar cruinniú tuismitheoirí / múinteoirí do chuile bhliain uair sa bhliain. Bíonn cruinniú sa bhreis do tuismitheoirí scoláirí na scrúduithe stáit. Is deis é an cruinniú seo chun dul chun cinn an dalta a mheas agus a phlé le múinteoirí an dalta. Tugann sé deis freisin eolas tábhachtach a roinnt idir tuismitheoirí agus múinteoirí. Moltar do tuismitheoirí freastal ar na cruinnithe seo i gcónaí.

**Athbhreithniú:**

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag deireadh an scoilbhliain 2018/19.

Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste na bPiarsach ar an \_\_\_\_\_

Sínithe ag an gCathaoirleach \_\_\_\_\_